

## An Díospóireacht Dheireanach!

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhíospóireacht dheireanach na huachtaránachta ar RTÉ 1. Sula bhféachann tú ar an mír, déan plé leis an duine in aice leat ar a bhfuil ar eolas agaibh faoin scéal seo cheana féin.

**Ceist 2** Gan féachaint ar an mír go fóill déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus de na frásaí seo a aimsiú. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Candidate: \_\_\_\_\_  
Election: \_\_\_\_\_  
Presidency: \_\_\_\_\_  
Debate: \_\_\_\_\_  
Campaign: \_\_\_\_\_  
Broadcast: \_\_\_\_\_  
Opinion Polls: \_\_\_\_\_  
Independent: \_\_\_\_\_  
Headquarters: \_\_\_\_\_  
Lack of Heart: \_\_\_\_\_  
Support: \_\_\_\_\_  
Enquiries: \_\_\_\_\_  
Warning: \_\_\_\_\_  
Accusations: \_\_\_\_\_  
Canvassing: \_\_\_\_\_  
Negative: \_\_\_\_\_  
Economy: \_\_\_\_\_  
Experience: \_\_\_\_\_

**Ceist 3** (a) Anois, an féidir leat féin agus an duine in aice leat mír nuachta a chumadh ag baint úsáide as na focail i gceist 2 thuas?

(b) Féachaigí ar an mír anois agus déanaigí plé le chéile ar conas mar a bhí an mhír difriúil ón méid a bhí agaibh féin.

**Ceist 4** Éist leis an mír don dara huair agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

Cé atá chun cinn sna pobalbhreitheanna?

Cad a tharla i gceannáras Google inniu?

Cén chúis atá ag Mary Davis le 'níl' a vótáil sa Reifreann?

Céard iad na líomhaintí polaitiúla nach bhfuil Seán Gallagher ag tabhairt aird orthu?

Cén fáth go bhfuil Gallagher ag dréim le stocaireacht diúltach?

Cén fáth ar cheart tacaíocht a thabhairt do Gay Mitchell, dar leis?

**Ceist 5** *'réidh don díospóireacht dheireanach'*

a) Cén fáth go bhfuil séimhiú ar an bhfocal 'deireanach'?

b) Déan iarracht na lúibíní a bhaint agus an leagan ceart a scríobh.

An (bean + beag)  
An (buachaill + beag)  
An (feirmeoir + bocht)  
An (caint + gáirsiúil)  
An (fuinneog + glas)  
An (cailín + geanúil)  
An (iníon + rua)  
An (iníon + saibhir)  
An (bradán + blasta)  
An (feadóg + binn)  
An (úll + dearg)  
An (Aire + flaithiúil)

c) Anois déan iarracht na lúibíní a bhaint agus an fhoirm cheart den aidiacht sa ghinideach uatha a chur isteach.

(Dath + an + carr + mór)  
(Glór + an + sagart + béasach)  
(Bean + an + gruaig + bán)  
(Lár + an + fuinneog + glan)  
(Bóthar + an + ard + mór)  
(Bonn + an + bróg + beag)

d) Anois, déan iarracht na lúibíní a bhaint agus an fhoirm cheart den aidiacht sa Ghinideach Iolra a chur isteach.

(Dath + na + carr + mór)  
(Glór + na + sagart + béasach)  
(Bean + na + cóta + bán)  
(Lár + na + fuinneog + glan)  
(Bóthar + na + capall + mór)  
(Bonn + an + bróg + beag)

**Ceist 6** a) Déan plé ar na ceisteanna seo a leanas:

An bhfaca tú an díospóireacht?  
Cé a bhí go maith, dar leat?  
An mbeidh Seán Gallagher fós chun cinn ina dhiaidh?  
Cén t-iarthóir is fearr leatsa?

b) Déan plé ranga ar an díospóireacht seo a leanas:

*Níl ról tábhachtach ag Uachtarán na hÉireann.*

## Treoracha agus Freagraí

**Ceist 1** Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

**Ceist 2** Candidate \_\_\_\_\_ **Iarrthóir**  
Election \_\_\_\_\_ **Toghchán**  
Presidency \_\_\_\_\_ **Uachtaránacht**  
Debate \_\_\_\_\_ **Díospóireacht**  
Campaign \_\_\_\_\_ **Feachtas**  
Broadcast \_\_\_\_\_ **Craoladh**  
Opinion Polls \_\_\_\_\_ **Pobalbhreitheanna**  
Independent \_\_\_\_\_ **Neamhspleách**  
Headquarters \_\_\_\_\_ **Ceannáras**  
Lack of Heart \_\_\_\_\_ **Beaguchtach**  
Support \_\_\_\_\_ **Tacaíocht**  
Enquiries \_\_\_\_\_ **Fiosrúcháin**  
Warning \_\_\_\_\_ **Foláireamh**  
Accusations \_\_\_\_\_ **Líomhaintí**  
Canvassing \_\_\_\_\_ **Stocaireacht**  
Negative \_\_\_\_\_ **Diúltach**  
Economy \_\_\_\_\_ **Geilleagar**  
Experience \_\_\_\_\_ **Taithí**

**Ceist 3** Caithfidh na foghlaimeoirí mír dá gcuid féin a chumadh sula bhfeicfidh siad an mír. Is ceacht cainte é seo. Cuir na míreanna a chruthaigh siad i gcomparáid leis an mír nuachta ansin.

**Ceist 4** Cé atá chun cinn sna pobalbhreitheanna?  
**Is é Seán Gallagher atá chun cinn sna pobalbhreitheanna.**

Cad a tharla i gceannáras Google inniu?

**Bhí díospóireacht raidió i gceannáras Google inniu.**

Cén chúis atá ag Mary Davis le 'níl' a vótáil sa Reifreann?

**Níl go leor díospóireachta déanta ar an ábhar, dar léi.**

Céard iad na líomhaintí polaitiúla nach bhfuil Seán Gallagher ag tabhairt aird orthu?

**Is líomhaintí iad a cheanglaíonn le Fianna Fáil é, cé gur iarrthóir neamhspleách atá ann.**

Cén fáth go bhfuil Gallagher ag dréim le stocaireacht diúltach?

**Tá sé ag dréim le stocaireacht diúltach ó na hiarrthóirí eile toisc é a bheith chun cinn sna pobalbhreitheanna.**

Cén fáth ar cheart tacaíocht a thabhairt do Gay Mitchell dar leis?

**Ba cheart tacaíocht a thabhairt dó, toisc go bhfuil taithí aige.**

Ceist 5

**b)** Más ainmfhocal baininsneach atá i gceist, séimhítear an aidiacht a leanann é más féidir. Má thosaíonn an aidiacht ar ghuta, ní tharlaíonn aon athrú.

An + bean (baininsneach) = An bhean + (beag)  
= An bhean bheag  
An + buachaill (firinsneach) = An buachaill + (beag)  
= An buachaill beag  
An feirmeoir bocht  
An chaint gháirsiúil  
An fhuinneog ghlas  
An cailín geanúil  
An iníon rua  
An iníon shaibhir  
An bradán blasta  
An fheadóg bhinn  
An t-úll dearg  
An tAire flaithiúil

**c)** Le hainmfhocail fhirinsneacha sa ghinideach uatha, séimhítear an aidiacht más féidir agus caolaítear é. Ní shéimhítear aidiachtaí atá ag déanamh tagartha d'ainmfhocail bhaininsneacha, ach caolaítear iad agus cuirtear 'e' leo.

**Dath an chairr mhóir**  
**Glór an tsagairt bhéasaigh**  
**Bean na gruaige báine**  
**Lár na fuinneoige glaine**  
**Bóthar an aird mhóir**  
**Bonn na bróige bige**

**d)** Más lagiolra atá ag an t-ainmfhocal, beidh foirm ainmnigh uatha na haidiachta in úsáid sa ghinideach iolra.

**Dath na gcarranna móra**  
**Glór na sagart béasach**  
**Bean na gcótaí bána**  
**Lár na bhfuinneog glan**  
**Bóthar na gcapall mór**  
**Bonn na mbróg beag**

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

### **Caoimhe Nic Chonchoille**

Tá an seachtar iarrthóir i dtoghchán na huachtaránachta ag fáil réidh don díospóireacht dheireanach san fheachtas, atá le craoladh ar RTÉ anocht. Dúirt roinnt de na hiarrthóirí gur beag inní atá orthu faoi na pobalbhreitheanna a léiríonn go bhfuil an t-iarrthóir neamhspleách Seán Gallagher i bhfad chun cinn.

### **Peadar Mac Gaoithín**

Iarrthóirí sa rás<sup>1</sup> d'Áras an Uachtaráin ag teacht isteach go dtí ceannáras Google mBaile Átha Cliath inniu do dhíospóireacht raidió a craoladh ar an idirlíon fosta. Dúirt an t-iarrthóir neamhspleách Mary Davis nach bhfuil beaguchtach uirthi le pobalbhreitheanna a léiríonn go bhfuil sí ag cailleadh tacaíochta i measc an phobail. Dúirt sí go mbeadh sí ag vótáil 'níl' sa reifreann ar fhiosrúcháin Oireachtais ar an Déardaoin toisc nach bhfuil go leor díospóireachta déanta ar an ábhar, dár léi.

### **Michael D. Ó hUigín**

Ag an bpointe<sup>2</sup> seo, dár ndóigh, tá me ag díriú ar an méid ama atá fágtha. Ceapaim féin go bhfuil an-seans agam fós agus, dár ndóigh, bhí sé mar sórt foláireamh do dhaoine<sup>3</sup> áirithe agus tá siad ag obair níos gníomhaí fós.

### **Peadar Mac Gaoithín**

Dúirt an té atá chun cinn sna pobalbhreitheanna, Seán Gallagher, nach bhfuil sé ag tabhairt aird ar bith ar na líomhaintí polaitiúla sna meáin a cheanglaíonn é le Fianna Fáil ós rud é go bhfuil sé chomh fada sin chun cinn sna pobalbhreitheanna. Tá sé ag dréim le go leor stocaireacht diúltach ina éadan ó na hiarrthóirí eile as seo go dtí lá an toghcháin, a dúirt Seán Gallagher i ráiteas tráthnóna. D'ionsaigh Martin McGuinness Seán Gallagher agus Michael D. Higgins ag rá gurb é páirtí Seán Gallagher a scrios an geilleagar agus go bhfuil páirtí Michael D. ag leanúint<sup>4</sup> leis na polasaithe céanna anois.

Dúirt iarrthóir Fhine Gael nach mbacann sé le pobalbhreitheanna agus d'iarr sé ar an phobal<sup>5</sup> vóta a thabhairt dó mar gheall ar an taithí atá aige. Níl ach díospóireacht amháin eile fágtha ag na hiarrthóirí. Beidh le feiceáil an éireoidh le héinne an bhearna a laghdú idir iad féin agus Seán Gallagher anseo anocht ar dhíospóireacht an chláir 'The Front Line' le Pat Kenny atá le craoladh ar RTÉ 1 ag fiche bomaite<sup>6</sup> don deich.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4

---

<sup>1</sup> Sa rása a deirtear i gcanúint an láithreora

<sup>2</sup> Pointe a deirtear

<sup>3</sup> Fághtar an séimhiú ar lár

<sup>4</sup> Ag leanstan a deirtear

<sup>5</sup> ar an phobal(Uladh)/ar an bpobal

<sup>6</sup> Bomaite = Nóiméad